Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**11234/26**

**FIN 984**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 344 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>ar an obair leantach ar an urscaoileadh le haghaidh na bliana airgeadais 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 344 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 344 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.6.2026
COM(2026) 344 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**ar an obair leantach ar an urscaoileadh le haghaidh na bliana airgeadais 2024**

Tuarascáil ar an obair leantach ar na hiarrataí a rinne Parlaimint na hEorpa ina rúin maidir le hurscaoileadh agus a rinne an Chomhairle ina moladh maidir le hurscaoileadh don bhliain airgeadais 2024

# Clár na nÁbhar


1. Réamhrá ....1
2. An buiséad chun a chuspóirí a bhaint amach ....1
3. Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint .... 4
4. Trédhearcacht .... 12
5. Inbhuanaitheacht fiachais .... 15
6. Ag féachaint chun cinn .... 15

# 1. Réamhrá

An 29 Aibreán 2026, agus moladh ón gComhairle á chur san áireamh, dheonaigh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh don Choimisiún as buiséad an Aontais a chur chun feidhme in 2024.

Déantar achoimre sa tuarascáil seo ar na mórghníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún mar fhreagairt ar na príomhiarrataí a rinne: (i) Parlaimint na hEorpa ina rún maidir le hurscaoileadh1, agus (ii) an Chomhairle ina moladh maidir leis an urscaoileadh2. Tabharfaidh an Coimisiún freagraí ar iarrataí sonracha níos déanaí i mbliana.

# 2. An buiséad chun a chuspóirí a bhaint amach

In 2024, bhí buiséad an Aontais ríthábhachtach chun cuidiú leis an Aontas tosaíochtaí beartais a bhaint amach. Mar a leagtar amach sa *Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta Bhuiséad an Aontais – bliain airgeadais 2024,* [3], rannchuidigh buiséad an Aontais le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú, le tacú le feirmeoirí agus le táirgiúlacht talmhaíochta a fheabhsú. Tacaíodh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus le neartú theorainneacha seachtracha agus chumais chosanta an Aontais, cuidíodh le haghaidh a thabhairt ar bhrúnna imirce, tugadh tacaíocht bhuanseasmhach don Úcráin, agus cuidíodh leis an Aontas freagairt ar an ngéarchéim dhaonnúil sa Mheánoirthear.

Bhí buiséad an Aontais ríthábhachtach chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais, chun an tslándáil eacnamaíoch a neartú (e.g. trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glana, i gcaipiteal daonna agus i mbonneagar trasteorann chun forbairt réigiúnach agus an margadh aonair a neartú), agus chun bonn taca a chur faoi chomhpháirtíochtaí straitéiseacha an Aontais ar fud an domhain.

---

1 Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag (2025/2145(DEC)..

2 Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 (5749/26).

3 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta Bhuiséad an Aontais Eorpaigh – bliain airgeadais 2024, COM(2025) 824 an 17.6.2025.

## a. An buiséad a chur chun feidhme

Is cúis imní don Pharlaimint ráta cur chun feidhme bhuiséad an Aontais faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) reatha agus ráta cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA). Tugann an Pharlaimint dá haire go méadaíonn moilleanna ar chur chun feidhme rioscaí saortha agus brú i dtreo dheireadh na clárthréimhse.

Tugann an Coimisiún le fios go raibh méideanna a gealladh ach nár íocadh go fóill ó bhuiséad an Aontais, i.e. gealltanais le híoc nó RAL ('*reste à liquider*'), EUR 35 bhilliún níos ísle ag deireadh 2024 ná mar a bhí ag deireadh 2023. Tá beagnach leath de RAL ag deireadh 2024 (gan RAL ó NextGenerationEU – NGEU san áireamh) nasctha leis an mbeartas comhtháthaithe, agus mar sin le cur chun feidhme cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte na mBallstát. Agus méadú ag teacht ar roghnú tionscadal ar an láthair ó thart ar 12 % ag deireadh 2023 go dtí thart ar 37 % (2024) agus thart ar 65 % (2025) de na himchlúdaigh atá ar fáil do chláir chomhtháthaithe 2021-2027, cuireadh dlús nach beag le cur chun feidhme airgeadais, agus chuir go leor Ballstát iarratais ar íocaíocht isteach a théann i bhfad níos faide ná a sprioc saortha N+ 3. A bhuí leis an bhforbairt dhearfach sin, tá roghnú tionscadal agus íocaíochtaí ag breith suas i gcomparáid le 2014-2020. Chun seachadadh rianúil a chinntiú, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit a n-acmhainneacht riaracháin a neartú agus aghaidh a thabhairt ar scrogaill in infheistíochtaí.

Leanfaidh an Coimisiún de shúil ghéar a choinneáil ar chur chun feidhme chláir agus ionstraimí an Aontais. Foilsíonn an Coimisiún faisnéis go bliantúil faoin réamhaisnéis maidir le cur chun feidhme an bhuiséid agus tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le gealltanais gan íoc.

Maidir le RAL NextGenerationEU, rinne go leor Ballstát athbhreithniú ar a bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, rinne siad acmhainní a athdháileadh ar thionscadail aibí, garspriocanna agus spriocanna a choigeartú agus thug siad aghaidh ar scrogaill i gcur chun feidhme, agus uaillmhian na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta á coinneáil ar bun an tráth céanna. Bhí sé mar aidhm ag na hathbhreithnithe sin imthosca athraitheacha a léiriú agus inseachadtacht a fheabhsú, agus iad ag díriú ar íocaíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a thabhairt i gcrích go tráthúil faoi dheireadh 2026. An 30 Aibreán 2026, ghlac an Coimisiún treoirlínte do na Ballstáit maidir le gnéithe oibríochtúla a bhaineann le céim dheiridh agus dúnadh STA chun a áirithiú go dtabharfar i gcrích go rathúil é.

Go pointe áirithe, d'fhéadfadh sé gur thug na Ballstáit tosaíocht do chur chun feidhme agus d'athbhreithniú a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta féin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le moilleanna ar chur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe. An tráth céanna, cuidíonn bearta a dtacaítear leo faoi STA le dlús a chur le chur chun feidhme chistí CAI, e.g. athchóirithe STA atá dírithe ar dhlús a chur leis na nósanna imeachta deonaithe ceadanna agus meastar go

mbeidh éifeachtaí iarmharta dearfacha acu ar chur chun feidhme beart infheistíochta cistí eile de chuid an Aontais.

### b. Aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí nua: an chosaint agus an Úcráin

Is díol sásaimh don Choimisiún tuairim na Parlaiminte 'nach mór caitheamh le cosaint agus tacaíocht don Úcráin mar thosaíocht bhuiséadach sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair agus gur cheart acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun an cuspóir sin a bhaint amach'[4].

Tá an Coimisiún tiomanta cumais chosanta an Aontais a neartú. Tá roinnt tionscnamh molta aige chun borradh a chur faoin ullmhacht agus faoin infheistíocht i réimse na cosanta, lena n-áirítear (i) suas le EUR 150 billiún in iasachtaí do na Ballstáit a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais faoin Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE), (ii) an Páipéar Bán maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030, (iii) an plean ReArm Europe, agus (iv) simpliú na hullmhachta cosanta omnibus.

Ó ionradh na Rúise ar an Úcráin go dtí deireadh 2024, mar thoradh ar thiomantas buanseasmhach an Aontais don Úcráin, slógadh EUR 130,2 billiún le haghaidh tacaíocht airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta. I mí Feabhra 2024, cruthaíodh an tSaoráid don Úcráin chun tacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine. Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine le haghaidh 2026-2027, glacadh an Iasacht Tacaíochta don Úcráin i mí Feabhra 2026, lena gcuirtear suas le EUR 90 billiún ar fáil in 2026-2027 agus maoinítear í trí iasachtaíocht an Aontais ar mhargaí caipitil.

### c. Tionchar an chistithe ón Aontas ar an aeráid agus ar an mbithéagsúlacht

Tugann an Coimisiún dá aire barúlacha Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) maidir le 'easnaimh i modheolaíocht an Choimisiúin chun meastachán a dhéanamh ar éifeachtaí aeráide chaiteachas an Aontais' [5] agus an ráiteas ón bParlaimint 'nach léirítear go hiomlán éifeachtaí uile ghníomhaíochtaí an Aontais sna modheolaíochtaí atá ann faoi láthair chun caiteachas aeráide agus bithéagsúlachta a rianú'[6].

Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún ranníocaíochtaí agus torthaí bhuiséad an Aontais a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus leis an mbithéagsúlacht a thomhas i gcomhréir leis an gcreat feidhmíochta atá ann faoi láthair. I gcás STA, an

---

4 Féach mír 17 – 2025/2145(DEC).

5 Féach mír 13 – 2025/2145(DEC).

6 Ibid.

chomhbheartais talmhaíochta, agus an bheartais comhtháthaithe, tá sé d'oibleagáid air an mhodheolaíocht agus na comhéifeachtaí sonracha a leagtar amach sna bunghníomhartha faoi seach lena mbunaítear na cláir sin a chur i bhfeidhm. Maidir le CAI 2028-2034, tá córas cuíchóirithe molta ag an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chaiteachas an Aontais agus ar thorthaí a bhaineann le cuspóirí aeráide agus comhshaoil.

# 3. Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

Measann an Coimisiún go bhfuil sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar úsáid chistí an Aontais, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta agus le comhpháirtithe cur chun feidhme eile.

## a. Caiteachas i gcomhréir le luachanna an Aontais, lena n-áirítear an smacht reachta

### An smacht reachta

Iarrann an Pharlaimint ar an gCoimisiún úsáid iomlán agus chomhsheasmhach a bhaint as na hionstraimí atá ar fáil chun cistiú ón Aontas a chur ar fionraí nó a chosaint i gcás ina ndéanann easnaimh sa smacht reachta difear do bhainistíocht fhónta airgeadais sna Ballstáit lena mbaineann, go háirithe san Ungáir agus sa tSlóvaic.

Faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, déanann an Coimisiún faireachán réamhghníomhach ar an staid i ngach Ballstát chun sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a shainaithint a luaithe is féidir. Baineann an Coimisiún úsáid iomlán as na hionstraimí dlí earnála agus ginearálta uile atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit, lena ndéantar difear do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais, nó lena bhfuil baol mór ann go ndéanfaí amhlaidh, ar bhealach sách díreach.

Tá an Ungáir faoi réir bearta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht chun buiséad an Aontais a chosaint ó bhí 2022 ann, lena n-áirítear: (i) 55 % de ghealltanais bhuiséadacha ó thrí chlár chomhtháthaithe a chur ar fionraí, agus (ii) toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a dhéanamh le haghaidh cistiú ón Aontas faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach le 'Iontaobhais Leasa Phoiblí' agus le heintitis a choinníonn siad ar bun.

Sa bhreis ar an Rialachán maidir le Coinníollacht, tá príomhionstraimí eile ar fáil don Choimisiún chun buiséad an Aontais a chosaint, go háirithe: (i) an coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna; agus (ii) na garspriocanna agus

na spriocanna ina dtugtar aghaidh ar dhúshláin an smachta reachta faoi phleananna téarnaimh agus athléimneachta.

Sa chéad CAI eile, tá urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha fós ina riachtanas – leanfaidh an Rialachán maidir le Coinníollacht d'fheidhm a bheith aige maidir leis na cistí uile. Leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí mar a mhol an Coimisiún, ceadaítear tacaíocht airgeadais do bhearta chun an smacht reachta agus cearta bunúsacha a neartú agus coinníollacha cothrománacha á gcur i bhfeidhm ag an am céanna chun a áirithiú go gcosnófar buiséad an Aontais ar sháruithe ar phrionsabail an Smachta Reachta agus na Cairte. Má bhíonn sárú fós gan réiteach tar éis bliana, féadfar na cistí lena mbaineann a chur chun úsáide arís chuig cláir atá faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, go háirithe na cláir sin a thacaíonn leis an daonlathas, leis an tsochaí shibhialta, nó le hiarrachtaí frithéillithe, faoin nós imeachta buiséadach bliantúil agus faoi réir fhormheas na Parlaiminte agus na Comhairle. Thairis sin, chun cistiú ón Aontas a fháil, ní mór do na Ballstáit sásraí a bhunú chun a áirithiú go leanfar d'íocaíochtaí le tairbhithe fiú má chuirtear cistiú ón Aontas ar fionraí. Is cuid lárnach dá gcórais bhainistíochta agus rialaithe iad na coimircí sin.

## Luachanna an Aontais

Tugann an Coimisiún dá aire iarraidh na Parlaiminte go ndéanfaí 'fíorú rioscabhunaithe ar chomhlíonadh luachanna an Aontais ag faighteoirí, chun sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath'[7]. Faoin Rialachán Airgeadais, déanann an Coimisiún faireachán ar gach céim dá bhainistíocht conarthaí chun a chinntiú nach bhfaigheann eagraíochtaí agus tionscadail nach bhfuil ag luí le luachanna an Aontais aon tacaíocht. Ní mór do thairbhithe uile chistiú ón Aontas gealltanas conarthach a thabhairt go gcloífidh siad leis na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe agus acmhainní bhuiséad an Aontais á n-úsáid acu, agus ní mór dóibh a áirithiú go n-urramófar na luachanna sin. D'fhéadfadh laghdú ar chistí, fionraí nó foirceannadh an chomhaontaithe deontais, agus/nó bearta riaracháin (e.g. eisiamh nó pionóis airgeadais) i gcomhthéacs an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh a bheith mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na hoibleagáide sin. Ar deireadh, le sásraí *ex post* faoin Rialachán Airgeadais, cosnaítear úsáid chuí chistí an Aontais i gcás ina nochtar le rialuithe nó le hiniúchtaí gur sáraíodh oibleagáidí.

Tá feidhm ag an gCóras Luathbhraite agus Eisiamh maidir le daoine agus eintitis, lena n-áirítear oibreoirí eacnamaíocha agus eagraíochtaí, a chuireann cistí i bhfeidhm nó a fhaigheann cistí faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach). Soláthraíonn forais eisiaimh an Chórais Luathbhraite agus Eisiamh creat leathan chun aghaidh a thabhairt ar mhí-iompar gairmiúil nó eiticiúil, lena n-áirítear gríosú chun fuatha, idirdhealú, agus sáruithe tromchúiseacha eile ar luachanna an Aontais.

---

7 Féach mír 161(xxii) – 2025/2145(DEC).

Is iad na hoifigigh údarúcháin uile a dhéanann seiceálacha ar Bhunachar Sonraí an Chórais Luathbhraite agus Eisiamh ag céim an phróisis meastóireachta. Chun maoirseacht a neartú a thuilleadh, féachfaidh an Coimisiún an bhféadfaí táscairí comhlíontachta luachanna an Aontais a áireamh in uirlis riosca Arachne+, go dtí go mbeidh indéantacht theicniúil agus dhlíthiúil ann.

### Coinbhleachtaí leasa

Iarrann an Pharlaimint ar an gCoimisiún a áirithiú 'nach n-íocfar aon chistí de chuid an Aontais, go díreach ná go hindíreach, le tairbhithe, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le comhaltaí na Comhairle Eorpaí, i gcás inar sainaithníodh coinbhleacht leasa agus nár réitíodh go follasach agus go hinfhíoraithe í',[8], agus cuireann sí i bhfios go láidir gur cheart do na Ballstáit trédhearcacht a áirithiú mar chosaint i gcoinne coinbhleachtaí leasa.

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir nach mór do na Ballstáit uile forálacha Chonarthaí an Aontais agus na reachtaíochta atá bunaithe orthu a urramú, lena n-áirítear forálacha maidir le coinbhleachtaí leasa a bhainistiú go hiomchuí ar gach leibhéal, go háirithe Airteagal 61 den Rialachán Airgeadais.

## b. Buiséad an Aontais a chosaint ar chalaoiseoirí

### Taobh an ioncaim

I dTuarascáil Bhliantúil 2024 uaithi, thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuairim ghlan maidir le hioncam bhuiséad an Aontais, agus d'athdhearbhaigh sí cobhsaíocht agus cruinneas an bhailithe ioncaim ag an gCoimisiún.

Molann an Pharlaimint 'iarrachtaí OIPE [Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh] agus OLAF [an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise] chun saothrú eagraithe laigí i rialuithe custaim an Aontais a chomhrac'[9] agus cuireann sí in iúl 'go n-eascraíonn easnamh i ndleachtanna allmhairiúcháin bailithe as na fadhbanna a bhaineann le dleachtanna custaim a dhearbhú go mícheart nó gan iad a dhearbhú ar chor ar bith ('an bhearna chustaim'), rud atá ina fhadhbh leanúnach le blianta fada don Aontas agus dá Bhallstáit'[10].

Is díol sásaimh don Choimisiún an comhaontú idir an Pharlaimint agus an Chomhairle maidir le hathchóiriú Aontas Custaim an Aontais an 26 Márta 2026. Is freagairt é ar an mbrú atá ann faoi láthair ar oibriú chóras custaim an Aontais, mar an méadú ar chainníocht na trádála, i réimse na ríomhthráchtála go háirithe, an

---

8 Féach mír 21(v) – 2025/2145(DEC).

9 Féach mír 55 – 2025/2145(DEC).

10 Féach mír 51 – 2025/2145(DEC).

méadú tapa ar líon caighdeán an Aontais a chaitear a sheiceáil ag an teorainn, maille le síorathrú ar na fíorais gheopholaitiúla agus ar na géarchéimeanna geopholaitiúla. Le cruthú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, rannchuideoidh an t-athchóiriú sin le comhordú beartais custaim sonraíbhunaithe níos fearr, go háirithe trí chreat bainistithe riosca comhordaithe feabhsaithe de chuid an Aontais.

## Ollstruchtúr frithchalaoise

Chuir an Pharlaimint imní in iúl faoi chomhordú agus comhroinnt faisnéise easnamhach idir comhlachtaí frithchalaoise an Aontais agus comhlachtaí frithchalaoise náisiúnta. An 16 Iúil 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún [Páipéar Bán maidir leis an Athbhreithniú ar an Ollstruchtúr Frithchalaoise] ina leagtar amach an gá atá le cosaint leasanna airgeadais an Aontais a neartú. Is léiriú é ar ról ríthábhachtach agus rannpháirtíocht leanúnach ghníomhaithe uile an ollstruchtúir frithchalaoise agus comhlánaíonn sí an togra ón gCoimisiún don chéad CAI eile. Ceann de na príomhchuspóirí is ea feabhas a chur ar an gcomhar idir na príomhghníomhaithe a bhaineann leis an ollstruchtúr frithchalaoise – OIPE, OLAF, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid. Scrúdaítear sa Pháipéar Bán freisin conas córas níos comhtháite a chruthú agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní trí theicneolaíochtaí nua a ghiaráil, sonraí a chomhroinnt, agus féachaint ar chomhlántacht fheidhmeanna na ngníomhaithe.

Déantar an tAthbhreithniú ar an ollstruchtúr frithchalaoise i gcomhthéacs níos leithne an athbhreithnithe ar Rialacháin Europol agus Eurojust agus na meastóireachtaí leanúnacha ar ghníomhartha dlí OLAF agus OIPE agus ar an Treoir maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (Treoir CLA)[11]. Cuirfidh an Coimisiún na torthaí i láthair i dteachtaireacht, atá beartaithe do dheireadh 2026, a bhféadfadh tograí reachtacha a bheith ag gabháil leo.

Príomhchuspóir eile de chuid an athbhreithnithe is ea feabhas a chur ar aisghabhálacha. Leanann an Coimisiún d'obair leantach atreisithe a shaothrú, trí chleachtaí faireacháin bliantúla arna ndéanamh ag OLAF, maidir le cur chun feidhme mholtaí airgeadais OLAF (go dtí go mbeidh toradh deiridh orthu) agus fógraí OIPE a bhfuil tionchar airgeadais acu. Tá an Coimisiún ag féachaint ar thuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tuarascáil bhliantúil maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise (Tuarascáil CLA) chun faisnéis bhreise agus sonraí breise maidir le haisghabhálacha a chur san áireamh.

## Atreisiú buiséadach OIPE agus OLAF

Tugann an Coimisiún dá aire glaonna an athuair ón bParlaimint go ndéanfaí acmhainneachtaí OIPE agus OLAF a threisiú, chomh maith le comhar eatarthu, a neartú a thuilleadh.

---

11 Treoir (AE) 2017/1371.

Bhí tionchar ag cruthú OIPE in 2017 ar leibhéil foirne OLAF mar gheall ar shineirgí agus éifeachtúlachtaí idir an dá sheirbhís. De réir an Ráitis Airgeadais Reachtaigh bhunaidh, bhí OIPE le feidhmiú faoi fhoireann chobhsaí le 115 choibhéis lánaimseartha ó 2023. Mar sin féin, fuair sé ranníocaíochtaí agus leithdháiltí foirne níos airde ná mar a bhí beartaithe ar dtús gach bliain ó bunaíodh é. Cuireadh acmhainní breise leis i gcásanna a bhfuil údar cuí leo le linn phróiseas glactha na mbuiséad bliantúil agus, i gcás riachtanais urghnácha, le linn na bliana trí bhuiséid leasaitheacha. In 2024-2026, fuair OIPE atreisiú breise chun rannpháirtíocht na Polainne agus na Sualainne a chur san áireamh, mar aon le tuarastal méadaithe agus costais tithíochta, a hollstruchtúr neamhspleách TF, agus Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha breise agus Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht.

Agus taithí OLAF maidir le himscrúduithe riaracháin a dhéanamh agus an cuspóir dúbláil imscrúduithe riaracháin agus coiriúla a sheachaint á gcur san áireamh, aistríodh suas le 45 phost agus chreidmheas le haghaidh foireann sheachtrach chuig OIPE. Le linn na tréimhse 2019-2027, agus aistrithe chuig OIPE agus treisithe chuig OLAF trí nósanna imeachta leithdháilte an Choimisiúin á mbreithniú, beidh laghdú 38 % tagtha ar fhoireann OLAF (poist agus foireann sheachtrach).

Comhoibríonn OLAF go dlúth le OIPE faoina rialacháin agus faoina socruithe oibre faoi seach, faoina dtuairiscíonn OLAF aon amhras faoi choireacht a d'fhéadfadh teacht faoi shainchúram OIPE, agus seachnaítear dúbláil imscrúduithe trí bhíthin sásra cros-seiceála. Is féidir le OLAF cúnamh a thabhairt freisin d'imscrúduithe OIPE trí imscrúduithe riaracháin comhlántacha a dhéanamh agus tacú le OIPE i gcás inar gá.

Tar éis mholadh CIE ina Tuarascáil Speisialta 26/2025, agus ag tógáil ar an athbhreithniú ar an ollstruchtúr frithchalaoise, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na socruithe is gá chun stór coiteann líomhaintí calaoise a chruthú agus a rialú chun feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise idir OLAF agus OIPE.

## c. Leibhéal na gcóras earráide agus rialaithe

### Bearta coisctheacha agus ceartaitheacha

Cuireann an Coimisiún straitéisí rialaithe ilbhliantúla chun feidhme chun cistí an Aontais a chosaint, i gcás ina mbraitear earráidí nó laigí trína rialuithe, bíonn bearta coisctheacha, (i.e. ceartúcháin, bristeacha nó fionraíochtaí sula ndéantar íocaíochtaí an Choimisiúin) agus bearta ceartaitheacha (i.e. ceartúcháin tar éis na n-íocaíochtaí) mar thoradh air sin go dtí go ndúnfar an clár. Faoi bhainistíocht chomhroinnte, déanann na Ballstáit rialuithe chun méideanna a íocadh go míchuí a bhrath agus a aisghabháil. D'fhéadfadh easnaimh arna sainaithint sna córais náisiúnta bhainistíochta agus rialaithe ceartuithe airgeadais a spreagadh. In 2024, mar thoradh ar iarrachtaí an Choimisiúin, in éineacht le hiarrachtaí na mBallstát faoi bhainistíocht chomhroinnte, aisghabhadh EUR 2,66 billiún (EUR 1,18 billiún coisctheach, EUR 1,48 billiún ceartaitheach), go príomha i mbeartais chomhtháthaithe agus talmhaíochta.

## Gníomhaíochtaí chun an leibhéal earráide a laghdú

Is díol sásaimh don Pharlaimint agus don Chomhairle an laghdú ar an ráta foriomlán earráide, ach measann siad go bhfuil sé fós ró-ard, go háirithe sa bheartas comhtháthaithe. Tugann an Coimisiún dá aire na hearráidí uile a thuairiscigh CIE agus déanann sé obair leantach chuí ar gach cás ina bhfuil bunús dlí aige chun gníomhú, ag obair leis na Ballstáit agus leis na comhpháirtithe cur chun feidhme, ag iarraidh ceartúcháin airgeadais i gcás inarb ábhartha agus na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá chun tuilleadh feabhais a chur ar chórais bhainistíochta agus rialaithe.

## Beartas comhtháthaithe

Is díol sásaimh don Choimisiún an laghdú ar ráta earráide measta CIE do chaiteachas an bheartais chomhtháthaithe i gcomparáid le 2023 agus 2022, agus tugann sé dá aire go bhfuil an difríocht sa mheasúnú ar an leibhéal earráide a rinne an Coimisiún (mar a thuairiscítear ina thuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí) agus CIE tar éis teacht le chéile a thuilleadh.

Chun comhthuiscint ar mhodheolaíochtaí a chothú, chuir an Coimisiún feabhas ar a idirphlé le CIE trí cheardlanna tiomnaithe. In 2025, dhírigh siad ar neamhrialtachtaí soláthair phoiblí i gcaiteachas comhtháthaithe a chainníochtú de réir ghreille chainníochtaithe an Choimisiúin (a úsáidfidh CIE ó iniúchadh ráiteas dearbhaithe 2025 ar aghaidh).

Le linn 2025, rinne an Coimisiún dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta a comhaontaíodh in 2024 le húdaráis iniúchóireachta arb é is aidhm dóibh a n-acmhainneacht bhraite a neartú: tuairiscítear dul chun cinn i roinnt réimsí, lena n-áirítear anailís a dhéanamh ar bhunchúiseanna earráidí, torthaí a chomhroinnt leis na húdaráis a bhainistíonn na cláir, seicliostaí iniúchóireachta a nuashonrú agus a uasghrádú chun a n-iomláine agus a gcomhleanúnachas a áirithiú, agus úsáid níos fearr a bhaint as bunachair sonraí éagsúla chun tacú le hobair iniúchóireachta.

Ag an tráth céanna, agus é á aithint aige gur féidir le castacht na socruithe cur leis an riosca earráide, cuireann an Coimisiún úsáid roghanna agus scéimeanna costais simplithe chun cinn go gníomhach, ar roghanna agus scéimeanna iad a bhaineann le maoiniúchán nach bhfuil nasctha le costais.

## An comhbheartas talmhaíochta (CBT)

Rinne an Coimisiún dul chun cinn mór maidir le rialacha a shimpliú agus earráidí a chosc trí úsáid éifeachtúil a bhaint as an bhfaisnéis atá ar fáil. Le samhail seachadta CBT 2023-2027, is féidir leis na Ballstáit idirghabhálacha a chur in oiriúint dá riachtanais féin. Mar shampla, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit éiciscéimeanna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus molann sé roghanna costais simplithe a úsáid.

Cuidíonn úsáid teicneolaíochtaí nua (amhail an Córas Faireacháin Limistéir, sonraí Fhairtheoirí Copernicus agus an Intleacht Shaorga) le hearráidí in CBT a chosc agus a bhrath. Leanann an Coimisiún de thacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar earráidí agus iad a chosc trí threoir a chur ar fáil, fothú acmhainneachta a chothú, dea-chleachtais a mhalartú, agus faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an Chórais Chomhtháite Riaracháin agus Rialaithe.

## An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA)

Tá córas láidir rialaithe agus iniúchóireachta i bhfeidhm don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Áirítear ann modheolaíocht iniúchóireachta nuashonraithe chun (i) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, (ii) rialuithe ar chórais rialaithe inmheánaigh na mBallstát maidir le státchabhair agus soláthar poiblí a atreisiú, agus (iii) comhar laistigh den Choimisiún a neartú.

Sna hathbhreithnithe ar Phleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, breithníodh taithí agus moltaí cur chun feidhme roimhe seo ó CIE, ón bParlaimint agus ón gComhairle, arb é is aidhm dóibh difríochtaí sa léirmhíniú a dhéanann CIE agus an Coimisiún ar reachtaíocht an Aontais a laghdú. Mhol an Coimisiún aon teanga dhébhríoch nó neamhriachtanach a bhaint de chinntí cur chun feidhme na Comhairle, mar sin níl iontu ach ceanglais fhíor-riachtanacha chun comhlíonadh birt a léiriú.

Aontaíonn an Coimisiún le rabhadh na Comhairle i gcoinne 'rialacha nua, ceanglais chontrártha nó coinníollacha níos sriantaí a fhorchuirtear ar na Ballstáit *ex post*'[12] le linn an chur chun feidhme. Dá n-athrófaí treoir maidir le léirmhíniú coincheap dlíthiúil sa bhliain dheireanach de chur chun feidhme na hionstraime, chruthófaí saincheisteanna dlíthiúla agus praiticiúla nua le haghaidh na mBallstát.

## Fís Eorpach

Lean an Coimisiún dá chur chuige maidir le cur chun feidhme cnapshuimeanna faoin gclár Fís Eorpach a bheachtú, agus aiseolas ó threoirthionscadail roimhe seo, CIE, agus rannpháirtíocht leanúnach na bpáirtithe leasmhara á gcur san áireamh mar chuid dá mheasúnú ar thionscadail ina n-úsáidtear cistiú cnapshuime. Cuireann sé sin ar chumas an Choimisiúin an acmhainneacht simpliúcháin do thairbhithe a uasmhéadú agus rialuithe á ndíriú ag an tráth céanna ar chur chun feidhme tionscadal cistithe ag tairbhithe i gcomhréir leis na spriocanna insoláthartha comhaontaithe.

## Gníomhaíocht sheachtrach

12 Féach mír 11.4 den mholadh ón gComhairle maidir le hurscaoileadh.

Ghlac an Coimisiún le moltaí CIE agus tá obair leantach á déanamh aige ar a thorthaí. Maidir leis an gceist ar cheart do chomhpháirtithe cur chun feidhme an Choimisiúin rochtain iomlán ar dhoiciméid a thabhairt d'iniúchóirí CIE, éascaíonn an Coimisiún malartuithe idir na heintitis ábhartha agus CIE i gcónaí chun teacht ar réitigh iomchuí.

### An Ciste Eorpach Forbraíochta

Tugann an Pharlaimint dá haire, agus é ina ábhar imní di, gurb é 6,5 % an leibhéal measta earráide in 2024 (8,9 % in 2023). Chun earráidí a bhaineann le himréiteach réamh-mhaoiniúchán a laghdú, d'iarr an Coimisiún ar a chomhpháirtithe athbhreithniú a dhéanamh ar a dteimpléid tuairiscithe chun é a dhéanamh níos éasca an caiteachas a tabhaíodh a shainaithint.

Rinne an Coimisiún athbhreithniú freisin ar a straitéis rialaithe agus thosaigh sé ar phríomh-mholtaí a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí dheais próifílithe riosca a fhorbairt chun (i) comhlíontacht na gcomhpháirtithe le caighdeáin airgeadais agus oibríochtúla agus rochtain ar dhoiciméid a thomhas, (ii) rialuithe ex post a neartú agus (iii) feabhas a chur ar thuairisciú don Choimisiún ó eagraíochtaí a ndearnadh measúnú colúin orthu.

# 4. Trédhearcacht

Tá an Coimisiún tiomanta ardleibhéal trédhearcachta a áirithiú maidir le cistiú ón Aontas trí fhoilsiú forleathan sonraí cistithe a sholáthar sa Chóras Trédhearcachta Airgeadais agus sa Tairseach 'Cistiú agus Tairiscintí'. Amach anseo, cuirfidh an Tairseach Aonair nua níos mó trédhearcachta ar fáil.

## a. Trédhearcacht chistiú ón Aontas

Agus trédhearcacht mar threoirphrionsabal, téann an Coimisiún níos faide ná na ceanglais dlí is infheidhme agus cuireann sé na caighdeáin trédhearcachta is airde i bhfeidhm i measc eagraíochtaí idirnáisiúnta, rud a chuidíonn le torthaí a baineadh amach le cistiú ón Aontas a léiriú.

I gcomhréir leis an rún maidir le hurscaoileadh, ina n-iarrtar ar an gCoimisiún a áirithiú go n-urramóidh gach comhaontú deontais, lena n-áirítear deontais oibriúcháin, na ceanglais is gá a bhaineann le trédhearcacht, inrianaitheacht agus infheictheacht an chiste[13], tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil faisnéis maidir le cuspóirí agus torthaí na dtionscadal arna gcur chun feidhme ag Eagraíochtaí Neamhrialtasach (ENRanna) (lena n-áirítear gníomhaíochtaí abhcóideachta) poiblí

13 Féach mír 161(xxi) – 2025/2145(DEC)

cheana féin ar Thairseach 'Cistiú agus Tairiscintí' an Aontais. Chomh maith leis sin, ní mór d'ionadaithe leasa a chláraíonn sa Chlár Trédhearcachta mar ionadaithe nach ndéanann ionadaíocht ar leasanna tráchtála (lena n-áirítear ENRanna de ghnáth) a ngníomhaíochtaí brústocaireachta a thuairisciú, a bpríomhfhoinsí cistithe a dhearbhú, agus gach ranníocaíocht os cionn EUR 10 000 a nochtadh, ar ranníocaíocht í a sháraíonn 10 % dá mbuiséad iomlán, lena n-áirítear ainm an ranníocóra. Leis an Rialachán Feidhmíochta atá beartaithe ag an gCoimisiún le haghaidh CAI 2028-2034, déantar táscairí toraidh a chaighdeánú, rud a chuirfidh tuilleadh feabhais ar thrédhearcacht, mar aon le lárú agus leathnú beartaithe na faisnéise atá ar fáil sa Tairseach Aonair a bheidh ann amach anseo dá bhforáiltear sa Rialachán sin. Athdhearbhaíonn an Coimisiún go dtacaíonn sé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear trí dheontais oibriúcháin laistigh den chlárthréimhse reatha, i gcomhréir le Straitéis an Aontais Eorpaigh don tSochaí Shibhialta, lena n-aithnítear an gá atá le cistiú leordhóthanach, inbhuanaithe agus trédhearcach don tsochaí shibhialta.

Tá an Coimisiún ag comhoibriú leis an bParlaimint faoi chuimsiú Mheitheal um Ghrinnscrúdú an Choiste um Rialú Buiséadach maidir le cistiú ENRanna agus eintiteas eile, agus tá an doiciméadacht uile a iarradh curtha ar fáil aige, agus an creat dlíthiúil is infheidhme á urramú an tráth céanna chun faisnéis rúnda a chosaint.

Maidir le trédhearcacht faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, aontaíonn an Coimisiún go bhfuil 'faisnéis iomlán iontaofa faoi na faighteoirí deiridh fíor-riachtanach chun mí-úsáid cistí a chosc, calaois a bhrath agus caighdeáin chomhionanna chuntasachta a áirithiú ar fud na mBallstát uile'[14] agus tugann sé dá aire go ndéanfaidh an Pharlaimint 'breithniú ar na bearta iomchuí uile laistigh dá sainchumais chun comhlíonadh a áirithiú, lena n-áirítear caingean dlí'[15]. Cuireann an Coimisiún in iúl go bhfuil sé d'oibleagáid air an ionstraim a chur chun feidhme mar a chomhaontaigh na comhreachtóirí í, lena n-áirítear na forálacha dlíthiúla maidir le tuairisciú faighteoirí deiridh, agus measann sé gur chuir sé na forálacha sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go fónta, i bhfianaise na gcoinníollacha agus na sainmhínithe dlíthiúla a leagtar síos le Rialachán STA.

Sa nós imeachta um urscaoileadh, leag an Coimisiún béim ar na hiarrachtaí a rinneadh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí agus go rachaidh siad níos faide ná sin. Leanfaidh an Coimisiún de na Ballstáit a spreagadh go láidir chun sonraí breise a sholáthar agus cuirfidh sé na hionstraimí atá ar fáil dó i bhfeidhm mura gcomhlíonann siad ceanglais dhlíthiúla an Rialacháin.

14 Féach mír 278 - 2025/2145(DEC)

15 Féach mír 6 - 2025/2145(DEC).

Ón gcéad CAI eile ar aghaidh, déantar foráil sna tograí ón gCoimisiún maidir le faisnéis a fhoilsiú faoi fhaighteoirí cistithe ón Aontas faoi gach modh bainistíochta ar an suíomh gréasáin láraithe 'Tairseach Aonair' (lena n-áirítear an Córas Trédhearcachta Airgeadais feabhsaithe)[16]. Faoin togra ón gCoimisiún maidir leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, foilseofar faisnéis faoi thairbhithe, faighteoirí deiridh, conraitheoirí agus fochonraitheoirí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon sa Tairseach Aonair[17].

## b. Trédhearcacht agus cuntasacht an Choimisiúin féin

Seasann an Coimisiún leis na caighdeáin trédhearcachta is airde ar fud a ghníomhaíochtaí agus a chinnteoireachta. Tá foireann an Choimisiúin faoi réir rialacha maidir le bainistíocht taifead agus cartlanna, agus moltaí slándála maidir le húsáid inghlactha feidhmchlár teachtaireachtaí meandracha poiblí agus aon uirlis cumarsáide corparáidí eile. I ndáil leis an méid sin, áirithíonn an Coimisiún go gcomhlíontar rialacha an Aontais maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid, lena n-áirítear teachtaireachtaí téacs (clárú cumarsáide a bhaineann leis an obair).

Tá oifigigh shinsearacha, amhail gach ball foirne, faoi cheangal ag oibleagáidí na Rialachán Foirne, lena n-áirítear maidir le heitic agus ionracas (e.g. dearbhuithe *ad hoc* maidir le coinbhleachtaí leasa, dearbhuithe fostaíochta céile, nó iarratais ar ghníomhaíochtaí seachtracha a fhormheas). Cuireann an Coimisiún faisnéis, oiliúint agus comhairle ar fáil maidir le cúrsaí eitice chun tacú leis an bhfoireann agus le bainisteoirí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Tá feidhm ag oibleagáidí an Chláir Trédhearcachta maidir le gach bainisteoir, nach mór dóibh a gcruinnithe le hionadaithe sainleasa atá liostaithe sa Chlár a nochtadh.

Tá ainmneacha agus sainorduithe na gComhairleoirí Speisialta a ghabhann le gach Comhalta den Choimisiún ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Tugann an Coimisiún dá aire ábhair imní na Parlaiminte maidir le feidhmiú agus éifeachtacht an nós imeachta maidir le ciapadh foirmiúil. Faoi choimirce an Phríomhchomhairleora Iontaoibhe, tabharfaidh an Coimisiún páirt do shaineolaithe neamhspleácha mar chomhlánú ar an athbhreithniú a sheol an Coimisiún cheana féin maidir le cur chun feidhme a bheartais frithchiaptha[18]. Ar bhonn níos leithne, leanfaidh an Coimisiún dá iarrachtaí timpeallacht shábháilte a áirithiú le haghaidh tuairiscithe, lena n-áirítear trí fheasacht, inrochtaineacht agus muinín as na bealaí atá ar fáil a neartú, agus, i gcomhthéacs an athbhreithnithe leanúnaigh ar na Treoirlínte maidir le Sceithireacht, féachfaidh sé lena n-ailíniú a dhlúithe is féidir leis na caighdeáin a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/1937.

---

16 Airteagal 12 - COM/2025/545 final.

17 Airteagail 63 agus 64 - COM/2025/565 final.

18 Cinneadh ón gCoimisiún an 12.12.2023 C(2023)8630

# 5. Inbhuanaitheacht fiachais

Aontaíonn an Coimisiún 'nach mór inbhuanaitheacht fiachas an Aontais a chur san áireamh i ngach cinneadh buiséadach amach anseo'[19]. Tá an t-amlíne chun fiachas a aisíoc a bhaineann le tacaíocht neamh-inaisíoctha NextGenerationEU ag rith go dtí 2058, agus tugann sin tréimhse fhadaithe don Aontas chun aisíocaíochtaí a bhainistiú gan cur isteach mór a bheith ann ná an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol. De bhun Airteagal 256 den Rialachán Airgeadais, eisíonn an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ina ndéantar measúnú ar inbhuanaitheacht dliteanas teagmhasach agus lamháil bhuiséad an Aontais, lena dtacaítear le faireachán a dhéanamh ar inbhuanaitheacht bhuiséadach.

Fáiltíonn an Coimisiún roimh fhormhuiniú na Parlaiminte ar a tograí le haghaidh acmhainní dílse nua agus aontaíonn sé 'go bhfuil forbairt fíoracmhainní dílse nua fíor-riachtanach chun cosc a chur ar chostais seirbhísithe fiachais tosaíochtaí a bhrú amach faoi chreataí airgeadais ilbhliantúla amach anseo'[20]. Bíonn gá le toil pholaitiúil agus rannpháirtíocht ó gach taobh chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach. Áirítear méid seasta bliantúil fiach-sheirbhíse sna tograí ón gCoimisiún. Coinneofar aisíocaíocht NextGenerationEU faoi uasteorainneacha an chreata airgeadais. Beidh riosca an ráta úis an-teoranta ó 2028 ar aghaidh, ós rud é nach mbeidh aon ghlaneisiúint nua ann tar éis 2026, agus go n-áirithítear intuarthacht iomlán le méid bliantúil na fiach-sheirbhíse seasta.

# 6. Ag féachaint chun cinn

I mí Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún a thogra le haghaidh CAI 2028-2034 atá uaillmhianach, sofhreagrúil agus réamhbhreathnaitheach. Cuireann sé le láidreachtaí agus bunphrionsabail an chreata atá ann faoi láthair, agus leis na ceachtanna a foghlaimíodh uaidh, agus é á dhéanamh níos simplí, níos solúbtha agus níos éifeachtaí ag an am céanna,[21], agus cuirtear san áireamh ann moltaí ón bParlaimint, ón gComhairle agus ó CIE i gcomhthéacs an urscaoilte.

Tá rialachas láidir, trédhearcacht agus maoirseacht láidir pholaitiúil ina gcuid dhílis de gach cuid de na tograí sin. Tá an Coimisiún ag obair go dlúth leis an bParlaimint agus leis an gComhairle chun comhaontú uaillmhianach, cothrom agus tráthúil a bhaint amach maidir leis an gcéad CAI eile agus maidir leis na cláir earnála eile.

* * *

19 Féach mír 7 - 2025/2145(DEC).

20 Féach mír 47 - 2025/2145(DEC).

21 Féach COM(2025) 570 final.